# Údarás na Gaeltachta

Tá Údarás na Gaeltachta ag déanamh cúraim de fhorbairt na Gaeltachta trí fostaíocht fiúntach a chur ar fáil, mar is ionann fostaíocht sa Ghaeltacht agus pobal beo.

Siad príomh-chúraim an Údaráis ná:

forbairt tionscail . cultıur agus teanga a chaomhnıu

FORBAIRT POBAL ● FORBAIRT OIGE ●


OILIÚINT/TRAENAIL

Faoi láthair tá níos mó ná 4,000 ag obair i dtionscail sa Ghaeltacht ar chuidigh an tÚdarás leo.

**ÚDARÁS NA GAELTACHTA — AG OBAIR AR SON NA GAELTACHTA**



# Féile an Dóilín

An Cheathrú Rua



**3ú Lúnasa — 6ú Lúnasa 1984**

# FÉILE AN DÓILIN



## Seó Capaillíní Chonamara Cláraithe
## An Cheathrú Rua
## Dé Luain, 6/8/'84 — 10.00 r.n.

*Connemara Pony Show — Carraroe*
*Monday, 6/8/'84 — 10.00 a.m.*

## ag an Scoil Chuimsitheach

**Comórtas 1**
*Class 1*
*Capaillín Bliana 'Láir' 'Cláraithe'*
*Yearling Filly, Registered*
Duaiseanna: 1ú áit £15; 2ú áit £10; 3ú áit £5; 4ú áit £3. Táille £3.

**Comórtas 2**
Capaillín Bliana, Bromach Fireann, "Cláraithe".
*Yearling Colt*
Duaiseanna: 1ú áit £15; 2ú áit £10; 3ú áit £5. 4ú áit £3. Táille £3.

**Comórtas 3**
Capaillín Dhá Bhliain 'Láir' "Cláraithe"
*Two Year Old "Mare"*
Duaiseanna: 1ú áit £15; 2ú áit £10; 3ú áit £5; 4ú áit £3. Táille £3.

**Comórtas 4**
Capaillín 3-5 bliana. "Láir" "Cláraithe"
*Mare 3-5 Year Old.*
Duaiseanna: 1ú áit £10; 2ú áit £10; 3ú áit £5; 4ú áit £3. Táille £3.

**Comórtas 5**
Capaillín 5-6 mbliana "Láir" "Cláraithe"
*Mare 5-6 Year Old*
Duaiseanna: 1ú áit £15; 2ú áit £10; 3ú áit £5; 4ú áit £3. Táille £3

**Comórtas 6**
Láir 7 mbliana agus ós a cionn
*Mare 7 years and upwards.*
Duaiseanna: 1ú áit £15; 2ú áit £10; 3ú áit £5; 4ú áit £3. Táille £3.

**Comórtas 7**
*Láir is Searrach "Cláraithe"*
*Mare and Foal 'Registered'*
Duaiseanna: 1ú áit £15; 2ú áit £10; 3ú áit £5; 4ú áit £3. Táille £3.

**Comórtas 8**
Searrach Fireann ó Chapaillín Chonamara Cláraithe.
*Colt Foal*
Duaiseanna: 1ú áit £15; 2ú áit £10; 3ú áit £5; 4ú áit £3. Táille £3.

**Comórtas 9**
Searrach Baineann ó Chapaillín Chonamara Cláraithe.
*Filly Foal*
Duaiseanna: 1ú áit £15; 2ú áit £10; 3ú áit £5; 4ú áit £3. Táille £3.

**Comórtas 10**
Stail "Cláraithe".

*Stallion*
Duaiseanna: 1ú áit £15; 2ú áit £10; 3ú áit £5; 4ú áit £3. Táille £3.

**Comórtas 11**
Comórtas speisialta do mhuintir an cheantair ó Chasla go Leitir Mealláin.

**Comórtas 12**
An Capaillín is fearr ag an Seó.
*Champion of the Show.*

**Comórtas 13**
Capaillíní nach bhfuil Cláraithe.
Níl aon Táille.

---

### FÉILE AN DÓILÍN

Ins an domhan mór seo tá féilte go leor againn
nach rídheas an nós é ag óg agus aois
Níl Féile chomh spóirtiúil le Féile an Dóilín
Tabhair nóimád nó dhó dhom is molfaidh mé í.

A thrá an Dóilín molaim go deo thú,
Tá tú aoibhinn is álainn de ló agus d'oíche
Ní bréag é ná ráiteas gur tusa is áilne
Ó thug tú barr breacha ó thránnaí an tír.

Más duine faoi bhrón tú glac le mo chomhairle,
Sé Féile an Dóilín a thóigfeas do chroí.
Ó feicfidh tú spóirt ann ag sean agus óg ann
beidh coimhlint go leor ann ar mhuir is ar thír.

Feicfidh tú geallta ag currach is ag bád ann
Cé déarfadh nach álainn an radharc iad ag teacht,
Níl ceol ann níos breátha ná ceol maide rámha
Sna tonntrachaí ag ardú is ag briseadh as do chionn.

Tá radharcanna álainn le fáil as an áit seo
Ó shléibhte thiar Chonnacht go hArainn na Naomh,
Siúl cois na trá síos tá suimhneas in ndán dhuit
Níl áit mar an áit seo is an ghrian ag dul faoi.

Más duine thú a déarfas go bhfuilimse bréagach
Bí ann ag an bhFéile agus breathnaigh go grinn
Ó cloisfidh tú véarsa, ceol agus scéal ann
Ag cur lena chéile ag Féile an Dóilín.

Véarsa 2 arís.

**Tomás Mac Eoin**

---

*Cé go bhfuil árachas ar imeachtaí na Féile, ní féidir leis an gCoiste bheith freagrach as timpistí nó as aon rud a cailltear.*

# FOCAL

# ÓN gCOISTE

An Cheathrú Rua,
1984.

A Chara,


Do chéad fáilte arís chuig Féile an Dóilín, an naoú féile as a chéile. Tá curtha againn arís i mbliana leis an bhféile le rása bóthair faoi 16 ar an Aoine, comórtas cispheil ar an Satharn, rása rogha currach ceathrar, seoladh 'dingies', snámh ar an Domhnach, agus Seó Capaillíní Chonamara ar an Luain. Beidh Banríon na Féile againn freisin i mbliana.

Mar gheall ar leabhar Dick Scott agus an méid a bhí scríofa i leabhráin na féile seo anuas tríd na blianta, níl an oiread cur síos sa leabhrán seo ar bháid is ar churachaí le blianta eile. Mar gur féile phobail í tá deis tugtha againn do Choistí agus eagraíochtaí sa bpobal iad fhéin a chur in iúl, agus cur síos a dhéanamh ar an obair atá ar siúl acu.

Treaslaíonn muid le Coiste an Phobail agus le chuile dhuine agus chuile Choiste a chabhraigh leo an chéad duais a bhaint amach i gComórtas Forbartha Pobail Údarás na Gaeltachta.

Míle buóchas do gach duine a thug aon chabhair dúinn. Go dtuga Dia slán ón ngabh chuile iomaitheoir agus go neartaigh sé bhur láimh i mbun na gcomórtais.

Coiste na bliana seo:- Pádraig Standún, Máire Bn. Uí Dhubháin, Treasa Ní Mhaoilia, Barra Ó Gríofa, Anraoi Ó Coisdealbha, Pádraic Mac Donncha, Colm Willy Mac Donncha, Mícheál Ó Flatharta, Máirtín Ó Catháin, Mícheál Mac Donncha, Pádraic de Bhailís, Antaine Ó Catháin, Pádraic Ó Cualáin.

**Óstán Carraroe Holiday Village**

Connemara Co.Galway Tel.(091)75116 Telex 28871


| | |
|---|---|
| **£38** | **Ar feadh Deireadh Seachtaine, 2 Oíche Leaba agus Bricfeasta chomh maith le Dinnéar amháin i MÍ MEÁN FÓMHAIR.** |
| **£140** | **Ar feadh 6 Lá Dinnéar, Leaba agus Bricfeasta ón 27ú LÚNASA.** |
| **£79** | **Ar feadh 6 Oíche Leaba agus Bricfeasa ón 27ú LÚNASA.** |
| **£174** | **Ar feadh 6 Lá Dinnéar, Leaba agus Bricfeasta i MÍ IÚIL agus go dtí 26ú LÚNASA.** |
| **£99** | **Ar feadh 6 Oíche Leaba agus Bricfeasta i MÍ IÚIL agus go dtí 26ú LÚNASA.** |

AISEANNA

Linn Snámha
Cúirt Leadóige
Pitch & Putt
Ait súgartha

Seomra Cluichí
Cineama Videó
Sauna

Solarium
Rothair ar Cíos
Siamsa



*Gleoteog John Dairbe.*


**Comhlucht Adhmaid Chonamara Teo.**

Doirse, Fuinneogaí
agus
Kitchen Units.

Casla, Co. na Gaillimhe.

**Fón 72290.**




*An tráchtaire, Mícheál Ó Flatharta.*

**Urraithe na Féile:**
Údarás na Gaeltachta; Éisc Teo.; Óstán an Cheathrú Rua; An Dr. P. O Máille; Rónán O Gairbhín, An Chiseog; Raidió na Gaeltachta; Co-Op Árainn; A.I.B.; Galway Milk Co.; Oranmore Milk Co.; Breizon Teo.; Tony Moylan, Cuan Chinn Mhara Teo.

**Cupáin:**

*Gleoiteogaí Beaga* — **Craobh na hÉireann:** Clada Minerals.
*Gleoiteogaí Móra* — **Craobh na hÉireann:** Óstán an Dóilín.
*Sinsir:* Peadar Ó Sé.
*Sóisir:* Réalt na Maidne.
*Rogha Curach:* Óstán Cheathrú Rua.
*Báid Mhóra:* Údarás na Gaeltachta.
*Leathbháid:* Corn Cuimhneachán Thomás Breathnach.
*Rása Rogha Curach Oscailte:* An Chiseog.
*Rása Rogha Curach Triúr:* An Chiseog.
*Rása Rogha Curach Ceathrar:* Buanchorn Ostán an Cheathrú Rua.
*Rása Fear Aonair:* Féile na nOileán.
*Rása Craoibhne Mná:* Tommy Walsh.
*Rása Asail:* Coiste.
*Rása na nIascairí:* Coiste.
*Tarraingt Téide:* Coiste.
*Caitheamh Cruithe:* Tí Fhlatharta, Doire Né.
*Rása bóthair:* Tomás Ó Cartúir.
*Rása bóthair (mná):* Comharchumann na Ceathrún Rua.
*Iascaireacht Farraige:* Coiste.

**Capaillíní:**
*Comórtas Speisialta ó Chasla go Leitir Mealláin* — Máire Geoghegan Quinn.
*An Capaillín is fearr sa seó* — Mícheál Mac Donncha.
Cupáin eile geallta.



*Aeraíocht an Dóilín — Pat Willie O Gríofa agus a chlann, Pádraic Ó Lochlain agus Tomás Mac Eoin.*

Gach deá ghuí don Fhéile

**TOMÁS BREATHNACH TEO.**



AN CHEATHRÚ RUA

Grósaer Ginearálta agus Búistéar

Calor Gas

Gach cineál earra ar fáil

Guthán (091) 75121

## Imeachtaí agus Buaiteoirí Fhéile an Dóilín 1983

**Rása Bóthair — Fir:** Mícheál Ó Flatharta, Leitir Móir.

**Rása Bóthair — Mná:** Máire Ní Ógáin, Trá Bháin.

**Rogha Currach Oscailte:** Na Cualáin — Mícheál, Colm, Pádraic.

**Iascaireacht Farraige ó Chaladh Thaidhg:** Seosamh Ó Ceallaigh, agus a chlann (Joeín, Seán Tom, Trá Bháin).

**Rás na nIascairí:** Mícheál Mac Donncha.

**Craobh na hÉireann — Geallta Gleoiteogaí Beaga faoi 23 tr.:** John Darba Ó Flatharta.

**Craobh na hÉireann — Geoiteogaí Móra os cionn 23 tr.:** Dr. Ó Beirn.

**An Bád is Deise:** Bád mór Phádraic Ó Ceallaigh, agus gleoiteog beag Phat Connolly, Baile Átha Cliath.

**Rása Rogha Currach faoi 25 tr.:** Doire Fhatharta — Mícheál Ó Cualáin, Antoine Ó Catháin, Tomás Ó Catháin.

**Rása Barra ó Halla Éinne:** Tomás Ó Flatharta, Antaine Ó Catháin.

**Rása Sóisir Canbháis:** Uachtar Ard — Billy, Éamonn agus Marcus O Maoildhia.

**Rása Sinsir Canabháin:** Cuileán — Peadar Ó Flatharta, Pádraic O Maoildhia, Mícheál Ó Maolalla.

**Rása Triúr Ban i gCurrach Coiste:** Leitir Mealláin — Bairbre Bn. Uí Shúilleabháin, Bríd Bn. Mhic Dhonncha, Cáit Bn. Uí Shúilleabháin.

**Rása Fear Aonair:** Colm Ó Cualáin.

**Geallta Báid Mhóra — Caladh Thaidhg:** Bád Patsy Kelly.

Rásaí Asail: Tomás Ó Catháin, Doire Fhearta **Tarraingt Téide:** Doire Fhearta — Colm Ó Gabhainn, Coach; Tom Ó Flatharta; Antoine Ó Catháin; Máirtín Ó Catháin; Peadar Ó Flatharta; Tomás Ó Catháin; Colm de Bhailís; Máirtín de Bhailís; Mícheál Ó Flatharta.

**Caitheamh Cruithe:** Muiceanach-idir-dhá-Sháile.

**Caitheamh Meáchain:** Seosamh Ó Flatharta, Tír an Fhia — 22.06½'

**Caitheamh Wellington:** Beartlaí Breathnach.

**Football tríd Tyre:** Pádraic O Domhnaill, Leitir Mealláin.

**Rása Deonach ó Chill Rónáin go Caladh Thaidhg — Báid Mhóra:** An Mhaighdean Mhara.

**Leath Bháid: Bád Folan.**

# RAIDIÓ NA GAELTACHTA

GUTH NA GAELTACHTA
SAOL NA GAELTACHTA

Seirbhis Beo Bríomhar

SEACHT LÁ NA SEACHTAINE

Maidin agus Tráthnóna

le

**NUACHT:**
**EOLAS:**
**CEOL:**
**CAINT:**
**AGUS**
**SPÓRT**

Éist linn gach lá óna 11.00 go 1.30 i.n. agus ó 5.00 go 8.00 i.n. ar na meántonnta sa Ghaeltacht i gCorca Dhuibhne, i gConamara, i dTír Chonaill agus ar an mBanda VHF/FM ar fud na tíre.


# Árus Mac Dara

Seo é ionad na sean ndaoine, áit le haghaidh ceathracha duine. 'Sí an Ghaeilge teanga an tigh mar is as an nGaeltacht furmhór an lucht cónaí.


Ar an 14ú Nollaig 1978 a tháinig an chéad dream isteach le cur fúthu san ionad.

Sí Máire Bn. Uí Eocháin-Uí Chuinn, Iar Aire na Gaeltachta a d'oscail an áit go hoifigiúil 14ú Bealtaine 1981 agus 'sé Ard Easpag Thuama, Seosamh Ó Cuinneáin a cheiliúradh an tAifreann. Bhí an tUas. P. Ó Tuathail, Aire na Gaeltachta thart sa gceantar 1983 agus thug sé cuairt isteach agus bhí focal aige le comhluadar an tigh.

Is mór an mhisneach dóibh an tAifreann chuile mhaidin. Tá siad an-bhuíoch don Sagart Paráiste, an tAthair Máirtín Ó Lainn agus don Séiplíneach, An tAthair Pádraic Standún an tseirbhís a thabhairt.

Is iomaí rud a bhaineann siad taithneamh as — a bheith ina suí taobh amuigh nó a bheith ag spaisteoireacht thart, ag castáil le muintir an cheantair agus ag cur bleid cainte orthu.

Is breá leo an aos óg a fheiceáil ag teacht ar cuairt acu — daltaí scoile na háite a thagann anois agus arís, Brídíní an Cheathrú Rua agus Club Óige




Ros a' Mhíl a bhuaileann isteach go minic le na drámaí ceoil agus rincí a léiriú.

Scoil Phobail Chárna a dhéanann an turas aniar ar mionbhus faoi dhó sa mbliain. Tagann Mrs. Sheppard as Furamaoil agus daoine óga as

Seanaphéistín isteach go minic i rith na bliana.

Gan dearmad ar foireann Bhingo — Seán Ó Loideáin agus a cháirde a thagann chuile Dhomhnach. Seo é scléip mór na seachtaine. Tá muid fíor bhuíoch dóibh agus freisin na comharsana atá go laethúil cairdiúil. Tá muid páirteach leis an gCabhair Choiste Soisialta. Tugann an Chabhair Dheonach "Voluntary Help" na "Meals on Wheels" amach. Tá seo seo ar siúl ó 1979.

Tá Mionbhus ag béal a' dorais agus tagann sé isteach fiúntach le coinne ospidéal a choinneál agus b'fhéidir turas go Cnoc Mhuire agus mar sin. Aríst siad muintir Chonamara a chuir an t-airgead ar fáil chun cúnamh an bus a cheannacht.

Ba bhreá dá mbeadh Seomra Tinnis, "Sick Bay" againn ansin bheadh muid in ann breathnú i ndiaidh na ndaoine breoite agus ní bheadh orthu an ceantar a fhágáil. Tá £14,698.22 i "Trust Fund" ina chóir seo.

Buíochas leis an dream a shiúil, a dhíol agus a bhailigh an t-airgead le haghaidh na hócáide seo.

Tá creidiúint mhór ag dul do Raidió na Gaeltachta. Tá spéis faoi leith ag dream cónaí anseo ann. Baineann siad an-sult as.

Buíochas le Dia go bhfuil a leithéid do Ionad san gCeathrú Rua le haghaidh mhuintir Chonamara. Tá buíochas tuillte ag muintir na háite a chuir brú lena fháil, ar Bhord Sláinte an Iarthair atá ina cheannas agus ag an Stát .



*Beirt eile de chuntóirí Fhéile an Dóilín i gCuan an Fhir Mhóir.*


*Gach rath ar Fhéile an Dóilín*


*ó*

# Ruaidhrí Ó Conchubhair

## SIOPADÓIR

## OLLMHARGADH

## LEITIR MÓIR



Ollmhargadh, Beatha Beithíoch, Gual

Fón (091) 81128.



*Coiste Fhéile an Dóilín ag cruinniú 18/7/1984:*
*Ina suí (ó chlé): Anraoi Ó Coisdealbha (O.C.P.), Pádraig Standún (Cathaoirleach), Treasa Ní Mhaoilia (Rúnaí), Máire Ní Dhubháin (Leas Chathaoirleach), Barra Ó Gríofa (Cisteoir).*
*Ina seasamh (ó chlé): Pádraig Mac Donncha, Antaine Ó Catháin, Mícheál Mac Donncha, Mícheál Ó Flatharta, Pádraig Ó Cualáin, Máirtín Ó Catháin, Pádraig de Bhailís.*
*Ní raibh Colm Mac Donncha i láthair nuair a tógadh an pictiúr.*

Gach deá ghuí ó

**MHÍCHEÁL Ó DOMHNAILL**

**Trádálaí agus Teach Aíochta**

**AN CHEATHRÚ RUA**

**Fón: 091-95216**

An teach le cáil

**Tadhg Keady**

*Photography & Video*

**Studio/Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.**

**Tel. (091) 69310.**

Más sár grianghrafadóireacht nó video atá uait, buail isteach ag Studio Tadhg O Céidigh lá ar bith.

**Frank Quinn**

**Bóthar an Choláiste, Gaillimh.**

*Cártaí, Bréagáin, Earraí Galánta*
*Trádáil amháin*

**MANGAN BROS. LTD.**

**Bóthar Mhonivea, Gaillimh**
**Telephone (091) 57860/57865**

**KEEN COST Cash 'n Carry**

# Gasra Naomh Chiaráin

## An Cheathrú Rua, Conamara.

*Cathaoirleach:* Áine Nic Dhonncha; *Rúnaí:* Seán Ó Catháin; *Cisteoir:* Máire Treasa Ní Dhonncha; *O.C.P.:* Eibhlín Nic Dhonncha.

Bunaíodh "Feachtas" i 1980 agus craobh do Ghasra Naomh Chiaráin bunaithe i Samhain 1982 ar an gCeathrú Rua.

"Feachtas" is ainm do Óg Eagras, Óg Ghluaiseacht na Gaeilge. Is iad cuspóirí an eagrais ná:-


(a) An Ghaeilge a chur chun cinn i measc daoine óga.
(b) Cuidiú le forbairt phearsanta is sóisialta an duine óig.
(c) Cuidiú chun comhluadar Gaelach a thógáil.
(d) Cultúr na hÉireann a chothú le imeachtaí srl.
(e) Feidhmiú mar eagras Gaelach do dhaoine óga idir 12 bl. agus 25 bl.

Tá go leor oibre déanta ag 'Gasra Naomh Chiaráin' chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge beo i gcónaí san gceantar seo, ag imeachtaí, ag cruinnithe do na daoine óga agus ar fud na tíre.

Cluichí a bhí againn i rith na bliana:-

Marathon cispheil, badmanton agus cleachtadh; Eitleog; Leadóig Boird; Peil Boird; Táipléis; Ficheall.

Turas bus go Co. an Chláir.



*Cluichí ar siúl ag 'Feachtas' i Halla Éinne.*

Turas ar an mbád mór go hÁrainn agus ag rothaíocht ar an oileán.

I gcomórtas cluichí le scoláirí an choláiste samhraidh (Gaeilge), ag glacadh páirt leo ag na céilithe agus ag cabhrú leo Gaeilge a labhairt.

Tráth na gCeist agus beidh comórtas ceantair an Iarthair againn anseo ar an gCeathrú Rua ar an 20ú Eanáir 1984 dhá eagrú ag Gasra Naomh Chiaráin.

Ag glacadh páirt agus ag cabhrú leis na sean-daoine.

Ag glacadh páirt agus ag cabhrú le coistí eile le díolacháin earraí.

Ag cabhrú agus ag eagrú céilithe do choistí eile.

Bíonn imeachtaí ar siúl do bhaill Feachtas gach Aoine ón 6.30 - 9.00 i.n. do dhaoine atá 15 bl. agus os a chionn agus Dé Domhnaigh ó 2.30 -




*Comórtas 'Tráth na gCeist' – Ceantar an Iarthair. Bhí an chéad agus an dara áit, sóisir agus sinsir ag an gCeathrú Rua.*

4.30 i.n. do ghasúir faoi 15 bl. d'aois.

Ag freastal ar an Oireachtas a bhí ar siúl ar an gCeathrú Rua i Mí Meán Fómhair '83 — ag glacadh páirt ins na himeachtaí agus ag tabhairt cúnamh.

Bíonn cruinnithe uair san mí agus díospóireachta idir an Coiste agus na baill. Bíonn na Comhairleoirí freisin ag glacadh páirt. Cruinnithe uair chile dhá mhí ag 2 bhall agus Comhairleoir le Coistí Ceantair an Iarthair in áireanna éagsúla.

Cruinnithe agus ag castáil le tuismitheoirí na ngasúir agus ag cur amach litreacha ag na tuismitheoirí mar eolas faoi imeachtaí, clár ama, rollaí srl.

Ag glacadh páirt ins na comórtais Cártaí Nollag atá ag Feachtas gach

bliain ar fud na tíre.

Beidh muid ag glacadh páirt ins an ½ mharathon ar an gCeathrú Rua agus ag eagrú céilí/damhsa an oíche sin.

Cóisir do na daoine óga, ceol, damhsa srl. agus ag leanacht le céilithe don phobal.


Ag glacadh páirt i gcúrsaí cinnireachta do na hOifigí — ag taisteal go Baile Átha Cliath leis an gComhairleoir.

Beidh muid ag taisteal ó áit go háit le clubanna nua a oscailt.

Caithfidh gach duine Gaeilge a labhairt ag pé imeachtaí atá dhá eagrú ag Gasra Naomh Chiaráin.

*Comhairleoir na nGasraí:* Anraoi Ó Coisdealbha. *Comhairleoir Cúnta:* Máire Bn. Uí Cheallaigh, Úna de Bhailís.

---



*Faoi lán tseoil.*


**SEÁN Ó CLOCHARTAIGH**

**Eanach Mheáin, Béal a' Daingean**

**Fuinneogaí agus Doirse**

*Fón: (091) 72254*

*Gach deá ghuí don Fhéile*

**Mícheál agus Tess**

**COMHLUCHT IOMPAIR EARRAÍ NA CEATHRÚN RUA TEO.,**

**Fón: (091) 75214**

Blocanna, Gainnimh srl. ar an bpraghas is ísle.

Tarraingeoirí feamainne agus móin

Lorraí ar cíos am ar bith ach glaoch ar an uimhir thuas.

*Gach deá ghuí don Fhéile*

*ó*

**Arramara Teo.**

**CILL CHIARÁIN, CO. NA GAILLIMHE**

**Fón: Cill Chiaráin 17**

*An monarcha is fearr san Iarthar i gcóir feamainn fhliuch agus slata mara.*

# Na Foirne

## Rása Rogha Curach Triúr — Dé Sathairn, 4ú Lúnasa — 5.00 i.n.

**Duaiseanna: Buan-chorn an Chiseog + £150 + 3 Phlaic £75 £30**

**Stáisiún 1:**
Na Cualáin

**Stáisiún 2:**
Cuileán

**Stáisiún 3:**
Johnny Jimmy

**Stáisiún 4:**
Máirtín Ó Catháin

**Stáisiún 5:**
Árainn

## Rása Curachaí Canbháis Sinsir — Dé Domhnaigh, 5ú Lúnasa — 2.00 i.n.

**Duaiseanna: Buan-Chorn Pheadair Uí Shé + £300 + 3 Phlaic**
**£120 + 3 Phlaic £60 + 3 Phlaic £30 + 3 Phlaic.**

**Fó-rása 1**

**Clann Jimmy, An Cheathrú Rua:**
Sean Mac Donncha
Pádraic Ó Cualáin
Peadar Mac Donncha.

**Na Cualáin:**
Michael Ó Cualáin
Colm Ó Cualáin
Pádraig Ó Cualáin

**Doire Fhearta 1**
Máirtín Ó Catháin
Pádraig Ó Maolalla
Réamonn Loftus

**Fó-rása 2**

**Doire Fhearta 2:**
Michael Ó Cualáin
Antaine Ó Catháin
Tomás Ó Catháin

**Na Cuinn:**
Seán Ó Cuinn
Séamus Ó Cuinn
Máirtín Ó Cuinn

**Anach Mheáin:**
Michael Ó Lupáin
Pádraic Ó Súilleabháin
agus fear eile

**Fo-Rása 3:**

Cuileán:
Peadar Ó Flatharta
Pádraic Ó Maoilia
Michael Ó Maolalla

**Árainn:**
Michael Seoighe
Máirtín Seoighe
Pádraig Seoighe

**Inismhiceanna:**
Pádraic Mac Donncha
Pádraic Ó Máille
Michael Mac Donncha

**Leitir Mealláin:**
Éamonn Ó Cualáin
Máirtín Breathnach
Marcas Bairéad

## Rása Rogha Curach Ceathrar — Dé Domhnaigh, 5ú Lúnasa — 4.00 i.n.

**Duaiseanna: Buan-chorn Óstán na Ceathrún Rua + £150 + 3 Phlaic**
**£75 £30**

**Stáisiún 1:**
Máirtín Ó Cátháin

**Stáisiún 2:**
Na Cualáin

**Stáisiún 3:**
Johnny Jimmy

**Stáisiún 4:**
Árainn

**Stáisiún 5:**
Cuileán

## Rása Triúr Ban

**Duaiseanna: Buan-chorn Cuimhneacháin Thomáis Breathnach + £60 + 3 Phlaic £45 £30**

Brídín Jimmy Ní Chualáin
Deirdre Ní Shé
Giollíosa Ní Shé

Treasa Ní Mhaoilia
Máire Bn. Uí Chuinn
Máire Bn. Uí Fhlatharta

Bairbre Bn. Uí Shúilleabháin
Cáit Bn. Uí Shúilleabháin
Bríd Bn. Mhic Dhonncha

## Rása Sóisir faoi Ocht mBliana Déag d'Aois

**Duaiseanna: Buan-chorn Réalt na Maidne + £60 + 3 Phlaic**
**£30 £20**

**Árainn:**
Máirtín Seoighe
Dara Seoighe
Réamonn Ó Maoilia

**Leitir Móir:**
Colm Ó Dubháin
Peadar Ó Dubháin
Máirtín Mac Donncha

**An Cheathrú Rua:**
Máirtín Ó Maoilia
Seán Ó Catháin
Caoimhín Ó Hara




Gach eolas ó Sheán Ó Foighil

**Óstán na Páirce**

(PARK LODGE)

**AN SPIDÉAL**

**FÓN: (091) 83159**
**83207**



*Gach deá ghuí do Fhéile an Dóilín*

*ó*

# TIGH HUGHES

**An Spidéal**

Le haghaidh an pionta is fearr
i bhfad is i ngearr




*Mícheál O Flatharta, Mike Dan, Cuileán, An Cheathrú Rua. Ag tús na bliana seo, fuair Mike an bonn 'Benemerenti' ón bPápa as ucht a chuid oibre ar son na hEaglaise le leathchéad bliain anuas. Bhronn an pobal seic air freisin lena mbuíochas a chuir in iúl dó mar gheall ar chomh dúthrachtach is a bhí sé agus é i mbun oibre ar a son, sa Séipéal, nó ag plé le bóithre agus uisce don Chomhairle Condae.*


*Gach deá ghuí don Fhéile*

*o*

# Máirtín Bán Breathnach Teo.

**Doire Né, Casla**
**Fón 091-72169**

Innealra ar Cíos


Clocha, Gainnimh agus Gairbhéal, Clocha Gearrtha

Díolachán agus Athchóiriú Carranna, Peitreal agus Díosal

Rothair Raleigh

# TAISTIL MAITIÚ Ó DOMHNAILL

**Gníomharacht Oifigiúil**



**MATT O'DONNELL TRAVEL**

An Cheathrú Rua

Fón: 091-75221

**Faigh praghas uainne ar aon chineál taistil, grúpaí eagraithe nó duine aonair.**

**GACH ÁIT AR FUD AN DOMHAIN**

*Go néirí go geal le Féile an Dóilín*








# TIGH CHUALAIN

Ól do dheoch ar do chompóirt
Ar do bhealach siar nó aniar,
Lá na gCurrachaí nó aon lá eile.

Go n-éirí leis an bhféile

*An tAth. Máirtín Ó Loinn, S.P. ag léamh Aifreann i mBarr a' Doire, Lá Fhéil' Mhic Dara.*



*Pobal an Aifrinn.*



*Pobal an Aifrinn.*



*Fuinneog an teampaill.*


*Go n-eiri an t-adh le Feile an Doilin o*

# Sorcha

**GRUAIGEADÓIR**

**Leitir Móir agus na hOileáin**

Oscailte ona 10-6 a chlog Mairt go Satharn

*Fon 81120*

# poitín stil

**Ceol Gach Oíche**

Pionta is fearr.
Craic agus greann.
Tar isteach.
Damhsa agus Discos.

*Gach deá ghuí do Fhéile an Dóilín ó*

**Máirtín agus Bríd Lally.**



# LEADMORE ICECREAM LTD

**Roshill, Merlin Park, Gaillimh.**
**Tel. 091-53016**

**Antoine Ó Conghaile,** Bainisteoir

Uachtar Reoite, Earraí Reoite
Sicíní, Turcaithe, agus rl.


# Coláiste Chiaráin

Seo coláiste nua-bhunaithe sa gCeathrú Rua agus seo í an chéad bhliain aici ag feidhmiú san gceantar. D'fhreastail os cionn céad seachtú scoláire ar an gcéad chúrsa i mí Meitheamh agus ina measc bhí cheithre scór ábhair oidí as na Coláistí Oiliúna i mBaile Átha Cliath agus Luimneach. I láthair na huaire tá an dara cúrsa faoi lán tseoil agus arís na tithe go léir lán. Beidh an choláiste ag reachtáil an tríú cúrsa i mí Lúnasa. Bhí sí lonnaithe i Scoil Chuimsitheach Chiaráin agus in Áras Mháirtín Uí Chadhain do mhí Mheitheamh agus i Scoil Náisiúnta Mhic Dara don dá chúrsa eile.

Sé an aidhm mhór atá againn ná an choláiste seo a riaradh go lán-Ghaelach agus táimíd sásta go bhfuil ag éirí linn seo a dhéanamh go sásúil chomh fada seo. Tá cúrsa cuimsitheach spreagúil Gaeilge á reachtáil ins an gcoláiste chomh maith le éagsúlacht mhór de imeachtaí spóirte agus caitheamh aimsire. Tá muid thar a bheith sásta gur éirigh linn freastal a dhéanamh ar ós cionn cheithre chéad scoláire (400) inár gcéad bhliain ar bóthar.

Tá ceithre cinn déag (14) de thithe lóistín ag an gColáiste agus iad scaipthe ar fud an cheantair. Seo í an chéad bhliain i mbun oibre ag tromlach na dtithe seo chomh maith agus is mór an fáilte a cuireadh roimh na scoláirí, as gach ceárd den tír, nuair a shroicheadar an Cheathrú Rua ag tús Mí Meitheamh i mbliana. Go mba fada a mhairfidh an fáilte sin.

Siad Seán de Paor agus Cóilín Ó Domhnaill atá ina nÁrd-Mhaistirí ar na cúrsaí agus siad atá i mbun stiúradh agus riaradh an Choláiste chomh maith.


Gach deá ghuí don Fhéile

ó

# SHIOPA UÍ CHUALAIN

**Baile na Cille**

Gach saghas earraí ar fáil

Fón (091) 81116


# Tigh Joe Joe

**TÍR AN FHIA**

SIOPA, GROSAERA AGUS EARRAÍ CRUA

* * *

SEIRBHÍSÍ SOCHRAIDÍ



CONRAÍ OAK, PARONA PINE AGUS CASKET

* * *

FOGRAÍ PAIPÉIR AGUS RAIDIO

* * *

BLATHFHLEASCANNA AGUS ÚR

* * *

PARLÚS (FUNERAL PARLOUR)

**Gach eolas le fáil ach glaoch ar Joe Joe ag 091-81127**

# *An Chabhairchoiste Sóisialta*

Coiste a bhfuil dlúthbhaint aige le Áras Mhac Dara is ea an Chabhairchoiste Sóisialta a eagraíonn daoine leis na béilithe reatha (meals on wheels) a dháileadh ar na ndaoine a dteastaíonn siad uathu. Tugann siad cúnamh ag eagrú cártaí, bingo srl ins an Áras freisin.

Le cúpla bliain anuas d'eagraigh an Coiste seo cóisir na sean faoi Nollag agus bhain seandaoine an cheantair uilig an-taithneamh as. Fuair siad cúnamh ón óg-eagraíocht 'Feachtas' agus ó cheoltóirí agus daoine eile sa gceantar freisin.

D'éirigh leis an gCoiste seallaí na Comhairle Condae a bhfuil seandaoine ina gcónaí iontu a cheangal leis an gcóras uisce, agus tá iarracht láidir dhá dhéanamh acu iad a fháil ceangailte leis an gcóras leictreacha. Is mór an chontúirt seandaoine a bheith ag plé le coinnle,

Guím gach rath don Fhéile

## *Máirín Tommy Ní Laoideáin*



**An Bóthar Buí, An Cheathrú Rua**



**Gruagaire fir agus mná**

***Uaireanta Oscailte:***

**6 lá na seachtaine — 10.00 r.n. - 6.00 i.n.**

**Dé hAoine — 10.00 r.n. - 9.00 i.n.**

*Pollann muid na cluasa freisin!*



Fón: (091) 95220

agus is mór an náire go mbíonn orthu brath ar a leithéid i 1984.

Mar gheall ar an tine sléibhe a chuir Áras Mhac Dara agus tithe eile i gcontúirt anuraidh tá píopaí agus 'standpipe' faighte ag Áras Mhac Dara le cúnamh a thabhairt tinnte a throid. Beidh siad seo le fáil ag muintir na háite nuair a theastaíonn siad, ach iad a chuir ar ais. Ach níl leigheas níos fearr ná bheith níos cúramaí leis na cipíní solais, agus iarann an Chabhairchoiste ar an bpobal smaoineamh arís sula lasann siad fraoch nó aitinn.

Cuidíonn an Coiste go láidir leis an éileamh le seomra banaltrais nó 'sick bay' a chuir leis an Áras. Teastaíonn sé seo ionas nach mbeidh ar dhaoine atá coinnithe ar an leaba, nó atá ar leaba a bháis aistriú isteach in Ospidéil na Gaillimhe ina laethanta deireannacha. Tá sé seo ag teastáil níos mó sa nGaeltacht ná in aon áit eile mar gheall ar deacrachtaí teangain a bhíonns ag daoine. Seans maith freisin go mbeadh sé níos saoire ar an mBord Sláinte duine a choinneáil in Áras Mhac Dara ná i gceann de mór-Ospidéil na Gaillimhe.

Tá an Chabhairchoiste buíoch do Choiste Fhéile an Dóilín a thug cead dóibh i mbliana mianraí, ceapairí srl. a dhíol le linn na Féile, agus cártaí a dhíol le haghaidh na Geallta Báid ar an Luain. Beidh aon bhrabach ag dul isteach i gciste an tseomra banaltrais.


videmara

**An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.**
**Tel.: 091-95229.**

**Seirbhís video U MATIC ar árd chaighdeán**

Scannánaíocht agus eagarthóireacht
Obair thionsclaíoch ● Féilte ● Bainseacha srl.
Seirbhís iomlán grianghrafadóireachta freisin.



*Gach deá ghuí don Fhéile ó*

**Tí Hanley**

**Druim, Leitir Móir**
**Fón (091) 81115**

*Pub, Siopa 7 Takeaway*

Ceol — Iúil agus Lúnasa
Dé Céadaoin, Sathairn agus Domhnach


## Tabhair Faoi Deara

(a) Geallta báid mhóra is leathbháid .

Geallta Gleoiteogaí beaga is móra:
Maor an lae: Pádraig de Bhailís.

(b) Rásaí na gCurach:
Maoir: Pádraig Mac Donncha,

(c) Comórtas Iascaireacht Farraige:
Maoir: Dr. P. Ó Máille, Mícheál Ó Flatharta.
Táille Iontrála: £4.

(d) Rása bóthair: Oscailte do fhir is mná as Conamara amháin, ó Bhearna go Carna.

(e) Tarraingt téide: de réir rialacha an Tug-o-War Association.

*Buan-Choirn ar fad iad coirn na féile agus níl aon teora leis an méid blianta gur féidir na buan-choirn a bhuachaint. Caithfear iad a thabhairt ar ais don Choiste taobh istigh de bhliain.*

# CLÁR IMEACHTAÍ

**Dé hAoine, 3ú Lúnasa:**

7.30 Rása Bóthair, Fir agus Mná agus faoi 16.

8.15 Rása Barra.

9.00 Oscailt Oifigiúil.

11.00 Damhsa (Leitrim Ramblers) — Banríon na Féile — Bronnadh na nDuaiseanna.

**Dé Satharn, 4ú Lúnasa:**

10.00 Iascaireacht — Loch a' Mhuilinn.

10.00 Comórtas Iascaireacht Farraige — Caladh Thaidhg.

2.30 Craobh na hÉireann: Gleoiteogaí faoi 23 tr.

2.30 Craobh na hÉireann: Gleoiteogaí os cionn 23 tr.

4.00 Rása Craoibhe Sóisir.
Caitheamh Meáchain. Cispheil (Scoil Chuimsitheach).

5.00 Rása Rogha Curach.

11.00 Damhsa (Matt Cunningham) — Bronnadh na nDuaiseanna.

**Dé Domhnaigh, 5ú Lúnasa:**

12.00 Rása Dinghies.

2.00 Aeraíocht.

2.00 Snámh.

2.30 Fo-rása, Rása Craoibhe Canbháis Sinsir.

2.30 Geallta Báid Mhóra ó Chaladh Thaidhg.
Geallta Leath Bháid ó Chaladh Thaidhg.

3.30 Rása Craoibhe Triúr Ban i gCurach Coiste.

4.00 Rása Rogha Curach 4.

5.00 Rása Craoibhe Curachaí Canbháis Sinsir.

11.00 Damhsa (Riverside) — Bronnadh na nDuaiseanna.

**Dé Luain, 6ú Lúnasa:**

10.00 *Scoil Chuimsitheach:* Seó — Capaillíní Chonamara.

2.00 Rása Asail.
Tarraingt Téide, Caitheamh Cruithe, Geallta Báid le cuidiú le Áras Mhac Dara.

11.00 Damhsa (Matt Cunningham) — Bronnadh na nDuaiseanna.

# Tí Uí Fhlatharta

**Doire Né**

**Buail isteach ar do Bhealach siar nó aniar**
**Beidh Céad Míle Fáilte romhat**

**neart le n-ithe agus le n-ól**
**Fón (091) 72213**

*Gach deá ghuí do Fhéile an Dóilín*



*Gach deá ghuí do Fhéile an Dóilín*

*ó*

# Phádraig Ó Ceallaigh

**AN CHEATHRÚ RUA**

**Ollmhargadh**

**"TAKE – AWAY" OSCAILTE DEIREANACH GACH DEIREADH SEACHTAINE.**



*Gach deá ghuí do Fhéile an Dóilín*

*ó*

# Dún Daingean

Béal a' Daingin

**Damhsaí Deire Seachtaine**
**Togha agus Rogha gach Dí**

**Fón (091) 72135**




*Ar ócáid bhronnta ghradaim aistí a d'eagraigh* Coiste Phobail na Ceathrún Ruaidhe, *ag bronnadh i nOstán na Ceathrún Ruaidhe ag Mícheál Seoighe ó Udarás na Gaeltachta a rinne urraíocht ar an gcomórtas. In éineacht leis na buaiteoirí ó chlé tá Seán O Neachtain ó Udarás na Gaeltachta; Cóilín O Domhnaill, Rúnaí an Choiste; Mícheál Seoighe ón Udarás a rinne an bronnadh agus Seán de Paor, cathaoirleach an Choiste.*


# AN CHISTIN

**An Cheathrú Rua**

**Teach Spóirt, Ceol agus Craic**
**Bia agus Deoch**

Gach deá ghuí don Fhéile
**Mhuintir Uí Shé**
Fón: 091-95151

# An leabhar is fearr amuigh ar bhainisteoireacht airgid.

Tá leabhar íontach le fáil thíos san oifig logánta de Bhanc na hÉireann. Cabhróidh sé leat chun do ghnóthaí airgeadais a riaradh níos éifeachtaí agus chun do chuid airgid a láimhseáil níos tairbhí, chun réamhpleanáil a dhéanamh agus chun cuntas a choimeád ar chaiteachas. Beidh sé do bhuntáiste agat airgead a bheith agat i gcónaí agus ag an am chéanna gan bheith ag dul i bhfiontar airgead a iompar timpeall leat.

Ainm an leabhair?

Seicleabhar de chuid Banc na hÉireann.

**Banc na hÉireann**

An banc le do linn


# Comórtas Forbartha Pobail an Údaráis

Ba mhór an urraim agus an onóir é do phobal na Ceathrún Ruaidhe i mbliana mar is iad a ghnóthaigh an príomhdhuais i gcomórtas forbartha pobail Údarás na Gaeltachta. Bronnadh an príomh-ghradaim seo de £8,000 agus trófaí orthu ag Aire na Gaeltachta, Pádraig Ó Tuathail, T.D., i nÓstán an Bhóthair Iarainn i nGaillimh ar an Aoine, an 23 Márta 1984. Ghnóthaigh siad an príomhdhuais seo de bharr iarrachtaí an phobail le áiseanna cúraim pobail a fhorbairt. Mar shamplaí, cuireadh go mór le háiseanna is seirbhísí **Tigh Nan Dooley** do pháistí míchumais meabhrach agus osclaíodh Bruach na Mara i gCasla chun oiliúint agus fostaíocht chosanta a chur ar fáil do dhaoine fásta ón gceantar. Tá Páirc an



*Ar ócáid bhronnta ghradaim forbartha pobail Udarás na Gaeltachta i nOstán an Bhóthair Iarainn i nGaillimh. (O chlé) Nioclás O Conchubhair, ball de Chomhairle Contae na Gaillimhe, Cóilín O Domhnaill, Rúnaí Coiste Pobail na Ceathrún Ruaidhe, Seán de Paor, Cathaoirleach Coiste Pobail na Ceathrún Ruaidhe agus Pól O Foighil, comhalta de Udarás na Gaeltachta.*

*An Cheathrú Rua a ghnóthaigh an príomhdhuais de £8,000.*

Chatháнaigh faoi lán tseoil agus is gearr uathu ceann cúrsa.

Is iontach ar fad an chreidiúint agus an t-aitheantas atá ag dul do na coistí éagsúla sa gceantar as ucht a gcuid iarrachtaí agus ansin iad comhordnaithe le chéile ag an gCoiste Pobail; mar sin ba ócáid é don Cheathrú Rua agus tá súil againn nach bhfuil muid ach ina thús.

Ag caint dhúinn ar an gCoiste Pobail, bhí bliain an-thairbheach agus gníomhach acu i mbliana. Taobh amuigh de na gnáth imeachtaí a bhíonn ar siúl acu bhí cúpla rud eile idir lámha acu i mbliana. D'eagraigh siad comórtas aistí do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna Chonamara agus sén príomh-aidhm a bhí leis seo ná chun stíl agus ceird na ceapadóireachta a spreagadh sna scoláirí. Tá ár mbuíochas ag dul do Údarás na Gaeltachta a rinne urraíocht ar an gcomórtas.

D'eagair muid ceolchoirm i Halla Éinne chun cabhrú le Tigh Nan Dooley agus ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do na ceoltóirí go léir a chabhraigh linn ar an ócáid seo. Bhí neart acu ann ó Charna aniar. Tá fochoiste bunaithe chun iarracht a dhéanamh ceist chancarach na bportaigh a réiteach.

De bharr an droch-staid ina bhfuil cúrsaí tionsclaíochta san gCeathrú Rua i láthair na huaire tá an coiste de shíor ag éileamh ar an Údarás breathnú isteach san scéal agus más gá athstruchtúrú a dhéanamh ar ionaid agus leagan amach tionsclaíochta de bhrí go bhfuil teipithe ar an sean chóras. Thug ionadaithe ón gCoiste cuairt ar Ionad Fionntraíochta i Sráid an Phiarsaigh i mBaile Átha Cliath, in éineacht le feidhmeannach ón Údarás agus bhí siad an-tógtha leis an módh oibre ansin. B'fhéidir le cúnamh Dé san todhchaí le cabhair an Údaráis go mbeadh ionad dá chineál san gCeathrú Rua. Beidh an Coiste gníomhach ar obair dá leithéid san mbliain atá a' teacht.

---


*Gach deá ghuí don Fhéile*

**TEACH UÍ THUATHAIL**

***Oifig an Phoist***

CASLA

**Grósaer agus Trádálaí**



Innealtóireacht Ginearálta

***SEÁN Ó SRUTHÁIN Teo.***

COILL RUA,
INDREABHÁN.

*Fón: (091) 83110*

Tathú (Gas agus Leictreach)

Deiladóireacht

Obair Leach Mhiotal.

Iarann oibrithe



Gach deá ghuí don Fhéile
ó

**Chogaslann Uí Mhistéil**

An Cheathrú Rua

Oideas Dochtúra; Scannáin;

Cosmaidí; Seodra &rl

Fón (091) 75168

# TIGH NAN DOOLEY

Tá muid i dTigh Nan Dooley fíor bhuíoch i gcónaí de na daoine áitiúil a thugann cabair dúinn i rith na mblianta go mór mhór an Coiste agus na daoine óga sa cheantar.

Bhí bliain an sásúil againn anuraidh. Déanadh a lán deisiúcháin agus feabhas ar an teach i rith na bliana agus is gearr go mbeidh an obair atá ar siúl ar an teach taobh amuigh críochnaithe agus ansin beidh muid in ann freastal níos fearr ar an gcuid is sine de na déagóirí. Tá na daltaí roinnte i dtrí ghrúpa traenáil — réamh scolaíocht, meán oiliúint agus réamh ghairm.

Ní raibh muintir Tigh Nan Dooley ar deireadh ach an oiread i gcúrsaí spóirt i mbliana. Ghnóthaigh siad go leor duaiseanna ina na Cluichí Olaimpeacha Speisialta i dTuaim ar an 21ú Meitheamh. Seo é an chéad bhliain a ghlac siad páirt ins na gcomórtaisí snámh agus d'éirigh thar cionn leo.

Bhí Lá Oscailte agus Taispeántas Ealaín i Tigh Nan Dooley ar an 24ú Bealtaine i comh oibriú le na Bráithre na Catharnachta in Ionad Bruach na Mara. Bhí an lá againn agus chuir muid fáilte roimh go leor leor




*Gasúir as Tigh Nan Dooley leis na boinn abhuaigh siad ins na 'Olympics' speisialta.*

cuairteoirí. Go deimhin bíonn fáilte roimh cách teacht isteach go Tigh Nan Dooley i gcónaí, i measc na ndaoine iomráiteacha a thug cuairt ar an Ionad i rith na bliana bhí a shoilse, Uachtarán na hÉireann, Pádraig Ó hIrghile. Bhí Aire na Gaeltachta, Pádraig Uas. Ó Tuathail ar cuairt againn freisin.

Mar fhocal scoir, ba mhian liom a rá murach an cómh-oibriú agus deá-thoil mhuintir na Ceathrún Rua, idir cléir, Coiste tuatha, go mbeadh obair ár gCumann i bhfad níos deacra.

*Gach deá ghuí*

**Tigh Chullen**

**Sráid Forster, Gaillimh**



**Buail isteach,**
**Casfar cairde ort.**

**Fón 61528.**

**Garáiste O'Mara**

**Bóthar Inis, Luimneach**

**Díolathóirí Toyota**

Glaoigh ar Tony, Noel, Adrian nó John.
Guthán (061) 51611.
Carranna maith ar phraghas réasúnach.



*Grúpa d'iomróirí na Ceathrún Rua a bhí i láthair ag an tarraingt le haghaidh Rása na gCurach 19/7/84.*
*Ina suí (ó chlé): Réamonn Ó Maoilia, Tomás Ó Catháin, Pádraig Ó Cualáin. Ina seasamh (ó chlé): Antaine Ó Catháin, Peadar Ó Flatharta, Pádraig Ó Cualáin, Réamonn Loftus, Máirtín Ó Catháin.*


# Taisteal Chonamara Teo.

Busanna ar Cíos
Ní bac é achar ná am!
Praghas Réasúnta

*Glaoigh ar Noel Phat Mór ag 091-95111*
*Aon Áit — Aon Am*



*Gach deá ghuí do Fhéile an Dóilín*

*ó*

# Nioclás P. Ó Conchubhair Teo.



LEITIR MÓIR

Fón: 81114 (obair)
81102 (baile)

Siopa Crua Earraí

Tá ábhar tithe le fáil anseo.
Tá gach saghas adhmad ann
Gach cineál péint ann.
Agus tearra le haghaidh báid.



*Gillíosa Ní Shé, An Cheathrú Rua 'san iomaíocht i gComórtas 'Banríon an Dóilín' thar cheann Coiste Fhéile an Dóilín. Roghnaíodh í ag damhsa i Halla Éinne, oíche Mhic Dara 15/7/1984. Beidh Gillíosa ag iomramh sa Rása Triúr Ban.*





*Bríd Ní Fhlatharta, Camus Uachtar, Caitín Gaelach Chuigéil.*

# Oireachtas '83, An Cheathrú Rua

Le roinnt blianta anuas tá an tOireachtas ag tabhairt a aghaidh amach ó Bhaile Átha Cliath. Tá daoine ann a ngoileann seo orthu. Tá cuid de lucht na Gaeltachta a airíonn uathu an oilithreacht bhliantúil chuig an ngealchathair agus daoine eile a ngoileann sé orthu de bharr fáthanna eile. Mar sin fhéin ní féidir a shéanadh gur i bhfeabhas atá an Fhéile ag dul ó thosaigh sí ag fágáil Bhaile Átha Cliath. Ní hí seo an argóint a bhí ag déanamh tinnis don Choiste Áitiúil a toghadh ar an gCeathrú Rua le haghaidh reachtáil Oireachtas '83. Bhí a fhios againn uilig go raibh obair mhór romhainn — cé chomh mór agus cé chomh hachrannach ní raibh muid baileach cinnte. Ba é an chéad uair ag an Oireachtas ar an gCeathrú Rua é agus b'fhacthas dúinne go raibh an áit feiliúnach lena aghaidh bíodh is go raibh roinnt ag rá linn nach raibh an áit sách mór. Ach ní fiú áird a thabhairt ar a leithéidí siúd. Bhí neart spáis ann, neart tithe óil is hallaí, is tithe lóistín. Agus níos tábhachtaí fós bhí pobal áitiúil ann a bhí beo bríomhar, chuir muid ár muinín iontu agus mar a tharla níor loic siad orainn. Bhí togha an Choiste againn, iad uilig dáiríre fírinneach agus sásta a gcion agus níos mó ná a gcion a dhéanamh nuair a tháinig orthu.



*Tomás O Monacháin,*
*Cathaoirleach Aitiúil*



*Máirtín O Cadhain*
*Uachtarán*

B'fhacthas dúiinn nár mhór go rachadh an Fhéile i gcion ar an bpobal áitiúil nó muna dtarlódh seo bhí sé chomh réidh céanna an Fhéile a fhágáil i mBaile Átha Claith nó a reachtáil istigh i gceartlár na Gaillimhe.

Maidir le reachtáil na féile fhéin de, titeann an cúram ar dhá choiste; An Coiste Náisiúnta agus An Coiste Áitiúil. Ar ndóigh bíonn go leor don fhreagracht "ar an talamh" mar a déarfá ar an gCoiste Áitiúil mar gurb

iadsan is fearr a thuigeann céard atá feiliúnach don cheantar agus céard nach bhfuil. Agus ós ag caint ar seo muid b'fhéidir nár dhochar athsmaoineamh a dhéanamh ar an structúr riarachán. Nuair a thagann an Fhéile chuig aon cheantar faoi leith bíonn uacht mhór ag teacht leis a chaithfear a chuir i gcríoch. Bhraith mé fhéin ón tús go mbeadh an-cheangal idir an Coiste Áitiúil agus an Coiste Áitiúil i dTrá Lí a bhí tar éis togha Oireachtas a reachtáil an bhliain roimhe sin. Ach mar a sheasann an struchtúr faoi láthair ní raibh de theagmháil againn leo ach castáil le cuid de na baill ar bhonn pearsanta i gcaitheamh an Oireachtais s'againn fhéin. Ba mhór an forás ar an Oireachtas é déarfainn dá ndéanfaí an Coiste Náisiúnta a laghdú agus a dhéanamh ionadaíoch do na ceantair Ghaeltachta uilig sa tír. Níl fáth ar bith nach mbeadh cruinnithe don



*Peadar O Fltharta,*
*Rúnaí Aitiúil.*



*Beartla O Ráighne,*
*Cisteoir Aitiúil.*

Choiste Náisiúnta in áiteacha éagsúla ar fud na tíre agus gan iad uilig a bheith i mBaile Átha Cliath. Má tá an tOireachtas le maireachtáil is mar fhéile mhór náisiúnta do "Éireannaigh" a mhairfidh sé agus níor mhór don Stát agus don Údarás, Roinn na Gaeltachta, Bord na Gaeilge agus don Roinn Oideachais aitheantas mar fhéile náisiúnta a thabhairt dó, gan trácht ar RTÉ!

Ach mairfidh cuimhne Oireachtas '83 ar an gCeathrú Rua go ceann fada. Bhí ualach trom oibre anuas ar an gCoiste ón tús. Bhí clár imeachtaí socraithe bliain roimh ré, chuir an coiste liosta cuimhsitheach lóistín ar fáil, déanadh na socraithe uilig maidir le ionaid agus hallaí. Agus nuair a tháinig an t-am tháinig na sluaite anuas, aníos, anoir is aniar. Agus bhí an áit sách mór agus bhí an Cheathrú Rua in ann freastal orthu agus tuilleadh lena gcois. Ba mhór an onóir dhúinn gur thug Uachtarán na hÉireann, Pádraig Ó hIrghile a chéad chuairt ariamh ar an gCeathrú Rua le linn na féile agus go raibh sé chomh tógtha sin lena bhfaca sé gur iarr sé oifigigh an choiste áitiúil chuig Árás an Uachtaráin lena bhuíochas a chur in iúl don choiste agus muintir na Ceathrún Ruaidhe. Ba mhór againn freisin go raibh fear dár gcuid fhéin, an tArainneach uasal ceanna, an Dr. Máirtín Ó Díreáin again le a bheith ina Uachtarán don bhlaiin sin. Mairfidh a gcuimhní fhéin do Oireachtas na Ceathrúin Ruaidhe beo i gcroíthe chuile dhuine. Ó mo thaobh fhéin dhe ní fhéadfainn gan dul thar Lá na nÓg, na sluaite gasúir ar stáitse ag baint spraoi is sult as na comórtaisí. Agus an comórtas scéalaíocht in Áras Mhic Dara, na comórtaisí lámhcheardaíochta do na daoine óga, bronnadh na nduaiseanna liteartha go poiblí i Halla Éinne, seoladh leabhar beo bríomhar — an chéad úrscéal a seoladh sa gceantar seo ariamh déarfainn, na céilithe a bhí thar barr. Oíche Luan a raibh Halla Éinne lán go béal ag comórtais dornálaíochta agus Halla an Scoil Chuimsitheach go buimbeár ag léiriú "An Buachaill Tuaithe" le Aisteoirí an Spidéil, dhá halla nach salachar béil dóibh chúig chéad duine an ceann. B'údar gliondair léacht scolártha an Dr. Cáit Ní Domhnaill, a mb'fhiú go mór a chur i gcló déarfainn, agus cár fhága tú na comórtaisí móra sean-nóis. Bhí an halla mór sa Scoil Chuimsitheach ag cur thar maoil bíodh is go raibh na comórtaisí á chraoladh beo agus bhí chuile dhuine sásta as an duais aitheantais a mhol na moltóirí do Val Ó Flaitheartaigh. D'fhéadfainn leanacht orm ach tá a fhios agaibh fhéin é níos fearr ná agamsa. Sea, d'éirigh le Oireachtas na Ceathrúin Ruaidhe de bharr an méid daoine a chuir a láimh ar an halmadóir. Déanadh obair mhór ag réiteach liostaí lóistín, ag doirse hallaí, ag stiúradh tráchta, ag réiteach Halla Éinne, ag scuabadh is ag glanadh, ag stiúradh agus ag riarthóireacht comórtaisí, ag cur láimh san obair ar chuile bhealach a theastaigh. Is liosta fada a bheadh le cur leis an alt seo dá mbeadh chuile dhuine le lua. Ní bhíonn do luach saothair as an gcineál seo oibre ach feabhas agus foirfeacht na Féile. Bhí sin againn! Go mba fada buan sibh.

*Peadar O Flatharta,*
*Iar-Rúnaí.*


*Gach deá ghuí do Fhéile an Dóilín*

**Shiopa Chonfhaola**

AN LEIC, LEITIR MÓIR



*Foireann as Doirearta a bhuaigh an Comórtas Tarraingt Téide, Féile an Dóilín '83.*


# Crúiscín Lán

**An Spidéal**

Ceol gach oíche
Aoine — Satharn

**An Pionta is fearr.**



# An-bhanc
# An-chraobh
# An-daoine
# An-seirbhís



.... mar sin, is le cúntas taisce an Bhainc Aontais a thosaíomar.

**Banc Aontas Éireann**
*Baincéireacht do shaol níos fearr.*

Gach deá ghuí don Fhéile

ó

**Tigh an Táilliúra**

An Cheathrú Rua

Teach Ósta – Off Licence

Siopa nua éadaigh Fir, Mná agus Páistí
Gach cineál bróga
Na faisiún is deireanaí ar an margadh

*Fón (091) 75135*

*Gach deá ghuí don Fhéile*

**Pluincéad S Ó Tuathail**

Leitir Móir
Fón: 81157

Ostóir Siopadóir Petrol

Má bhíonn suim i ndeoch agat faoi chompóirt ná téigh thairis.

Casfar cáirde leat ann.

# Coláiste Cholumba

Tá Coláiste Cholumba bunaithe le blianta i gceantar na Ceathrún Rua.

Is í príomhaidhm an choláiste seo cumas Gaeilge na ndaltaí a fheabhsú trí iad a chur isteach i limistéir láidir Gaeltachta agus atmasféar agus spiorad na Gaeilge a chothú ina measc.

Dá bhrí sin, beidh béim faoi leith sa chúrsa seo *ar an nGaeilge mar mheán cumarsáide* i measc na ndaltaí i gcónaí agus i ngach áit. Aon dalta nach bhfuil sásta cloí go iomlán leis an riail sin ní bheidh aon rogha ag stiúrthóirí an chúrsa ach é a chur abhaile arís ar mhaithe leis na scoláirí eile. Iarrtar ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí an méid sin a bheith curtha go soiléir acu os comhair na ndaltaí sul má thagann siad ar an gcúrsa. Chun spiorad agus feabhas na Gaeilge a chothú le chéile, roinnfear gníomhaíochtaí an Choláiste i ndá chuid:

(i) iadsan a reachtáilfear sa gColáiste féin, agus

(ii) iadsan a bhunófar ar na teaghlaigh a mbeidh na daltaí ag fanacht iontu.

(i) Maidir leis na ranganna, roinnfear na daltaí i dtrí chuid, de réir a gcumas Gaeilge. Beidh go leor éagsúlachta sna ranganna sin le suim na ndaltaí a choinneáil — ceachtanna, comhrá, drámaíochta. Beidh go leor imeachtaí eile, freisin, bunaithe ar láthair an Choláiste — grúpa(í) ceoil agus gach cineál cluiche a chur ar fáil — idir cluichí páirce agus cluichí tí — agus clubanna a bhunú de réir mar a theastaíonn ó na daltaí, e.g. club fichille srl.

(ii) Chun go gcloisfidh na daltaí fíor-Ghaeilge na Gaeltachta á labhairt go nádúrtha, agus le líofacht chainte a chothú, déanfar iarracht ar leith na daltaí a spreagadh chun teagmháil dlúth a bheith acu le muintir na háite. Dá réir sin, comórtais idir na tithe — comórtais díospóireachta, filíochta, ceoil, tráth na gceisteanna srl.

Bíonn an iliomad cluichí agus caithimh aimsire ar fáil do na daltaí atá ag freastal ar na cúrsaí. Ar na cluichí sin beidh peil, iománaíocht, sacar, cispheil, leadóg úirte, cluiche corr, eitleog, cluichí trá, leadóg bhoird, fáinní, fichill, táiplis bheag agus cártaí. Má tá daoine á n-iarraidh beidh cluichí eile curtha ar fáil freisin, más féidir é. Cuirfidh an Choláiste na háiseanna ar fáil do na gnáthchluichí, ach ba cheart do na daltaí raicéid agus liathróidí leadóg cúirte a bhreith leo má tá spéis acu sa chluiche sin, agus aon ghléasanna eile atá ag teastáil do chluichí ar leith.

Cuirtear comórtais ar bun idir na tithe éagsúla a bhfuil na daltaí ag

fanacht iontu, i go leor cluichí. Beidh cluichí ann freisin idir daltaí an choláiste agus buachaillí agus cailíní na háite.

Tá go leor tránna áille thart ar an gCeathrú Rua, agus bíonn cead snámha ag scoláirí gach lá ach an aimsir a bheith cóiriúil idir 3.00 agus 5.00. Ainmneofar trá faoi leith gach lá agus beidh múinteoir i láthair i gcónaí aon uair go mbíonn daltaí ag an trá. Beidh múinteoir snámha ann freisin.

*Cathaoirleach:* Máirín Ní Chonghaile.
*Rúnaí:* Máire Bn. Uí Fhlanncha.


*Gach deá ghuí don Fhéile*

**Micí Ó Flatharta**

**AN CHEATHRÚ RUA**

**Fló Gas, Grósaer, Trádálaí agus Búistéir**

Fón: (091) 75110



Buaiteoir sa Spidéal, Searrach agus Capall — 1 áit 1982

**Na Máille**


**Doire Fhearta, An Cheathrú Rua.**



Ceannacht agus Díol

Tarraingt Blocanna, Móin agus rl.

Capaillíní agus Beithigh

*Bád Phádraig Folan a bhuaigh Rása na Leath Bháid sa Dóilín in 1982 agus 1983.*


CEOL

DARTS

**Tigh Terry**


**ROS A' MHÍL**

Ceol gach deireadh seachtaine

*Gach deá ghuí ar Fhéile an Dóilín*

# Seán Ó Catháin — Teachta Dála na Ceathrún Rua

**Agallamh le Pádraig Ó Loideáin, Bóthar Buí — *Pat Mór*.**



*Pádraig O Loideáin*



*Seán O Catháin*

D'fhág John Keane an baile roimh 1914 agus chuaigh sé go Meiriceá. Liostáladh san airm é agus déanadh leiftenant dó. Bhí sé sé sa bhFrainc le linn an chéad chogadh domhanda. Is cuimhneamh liom é a fheiceáil sa mbaile thart ar 1918 agus culaithe airm air.

Cailleadh deartháir is deirfiúr leis taobh istigh de chúpla lá nuair bhí an fliú mór ann. Cailleadh deirfiúr eile go luath ina dhiaidh sin.

Tháinig sé abhaile ó na Stáit Aontaithe go luath sna fichidí. Chuir sé píosa siar as an teach. Mhaisigh sé an tÓsta. Thosaigh sé ag díol earraí grósaera freisin. Bhí sé cairdiúil leis an Dr. Tubridy agus le Maitiú Ó Domhnaill ag an am. I lár na bhficidí toghadh ar an gComhairle Condae é.

I 1928 cailleadh an tAth Seán Ó hÉilidhe agus tháinig an tAth. Pádraig Mac Aodha ina áit. Cheap sé gur cheart don Rialtas deontas a thabhairt le tithe nua a thógáil agus caoi a chuir ar seantithe. Cuir John Keane agus an Teachta John Tubridy as Fianna Fáil agus an Teachta Josie mongan as Cumann na nGael an-suim ann. 1929 ceapadh an deontas, £80 do theach nua agus oiread eile ar iasacht, £40 le caoi a chuir ar sheanteach agus an oiread céanna d'iasacht.

Chuir Seán Ó Catháin an-suim san oideachas. Ba mhaith leis go mbeadh gairmscoil ar an gCeathrú Rua. Osclaíodh an gairmscoil i 1934. An bhliain céanna déanadh scéim uisce soir chomh fada le geataí an tsagairt pobail, síos chomh fada leis an áit a bhfuil an Scoil Chuimsitheach anois, suas chomh fada le Tigh Mhike Dan. Bhunaigh sé Coláiste Gaeilge freisin, deireadh na fichidí/tús na dtríochadaí. Coláiste Iarchonnacht an t-ainm a bhí ar an gColáiste.

Bhí cumann drámaíocht ann ag an am ag Bríd Bn. Uí Chonaire, agus chuir John suim ann. Chuir sé suim freisin sa gcumann camógaíochta a bhí acu ag an ngairmsoil agus thugadh sé na cailíní thart chuig na cluichí.

1934 tháinig an dole amach. Chuir sé amach chuile duine ag obair ar na bóithre. Leathnaigh sé bóithrí. Rinne sé bóithrí nua, bóithre criathrach, Muicineach, Seanamhac. Chríochnaigh sé bóthair Chuileán.

Cheannaigh sé bád thiar i nGlas na nUan, gan inti ach creatalach. Fuair sé adhmad lena haghaidh. Rinne na saoir-báid, an Cathasach as Cárna agus Joe Uaitear Seoige as Inis Bearachain bád nua glan di. Bád Phatsy a tugadh uirthi. Cuireadh rása báid ar bun thart ar 1927 idir bád Phatsy is bád Larry as Máimín. Bhí an bua ag bád Larry an lá sin. Bhí rása eile i gCuan Chaisín Lá Fhéil' Peadar is Pól 1929 ina raibh sé chinn de na báid mhóra. Bhí an bua ag John Keane an lá sin. Bhí bád eile aige aimsir na móna, agus rún aige ag an am, fad a chuir le céibh Chaladh Thaidhg.

Chuir sé an-suim sa pheil. Cheannaigh sé áit ó Anraí Ó Coisdealbha. Bhí coiste acu a raibh Sáirsint Lally, Piaras Ó Conaire agus Mattie Ó Domhnaill air freisin. Chuir siad céilithe ar bun le airgead a bhailiú. Fuair siad deontas £3,000 ón Rialtas. Bhí sé caillte sular thosaigh an Pháirc. Ar an 16 den Fhómhar 1950 bheannaigh an tArdeaspag Seosamh Breathnach an Pháirc agus osclaíodh Páirc Sheáin Uí Chatháin go hoifigiúil.

Bhíodh rásaí currach i Loch a' Mhuilinn freisin ins na fichidí agus na tríochadaí, an-choimhlint idir muintir na Trá Báine agus muintir na Roinne. I measc na n-imreoirí ag an am bhí Máirtín Bhaibín, Joe Pheait, Mícheál Phádraic Chóil, Peadar Mháirtín Pheadair, Micil Mhaireóg agus Colm Sheáin a' Bhadóra.

Bhí meas ag chuile dhuine ar John Keane. Toghadh ina TD é nuair a caileladh an Dr. Tubridy. Bhí bua an-mhór aige sa bhfothoghchán ar Mick Donnellan. Fuair sé bás an oíche roimh lá an toghcháin i 1948, ach fuair sé vóta ard i dtoghchán an lae sin.




*Gach deá ghuí don Fhéile*

*ó*




**Loughy:** ***Sea Adler*** **Colm:** ***Aran Striker***

Taisteal gach lá

Rosamhíl go hÁrainn

— 45 nóiméad 10 míle farraige — an bealach is fearr




*Buaiteoirí Comórtas Leitir Móir le bheith páirteach i gComórtas Craobh an Chondae i 1958. Pádraic Mhichael Choilmín, Colm Willie agus Máirtín Willie (nach maireann).*

*Gach deá ghuí ó*

# 'Dún Aengus'

Ceadúnas agus Árachas do 48 Paisinéirí.



**Sally & Paddy O'Brien**

Gach eolas Fón 72273

Turas go hOileáin Árainn

Fágáil Ros a' Mhíl 7 lá na seachtaine — 11.30 a.m. - 2.30 i.n. - 6.30 i.n.

*Ráta Speisialta do ghrúpaí.*

Iompraíonn an bád seo lasta chomh maith.

***Gach deá ghuí do Fhéile an Dóilín***

# an Ċiseoġ

**Bialann: 1-9 i.n.**
**Take-Away: 12.00 meán lae-2.00 a.m.**

Má tá ocras ort suí isteach ag an gCiseóg, nó buail isteach san Take-Away.
*Ronnie & Bríd Ní Ghairbhín*

**An Cheathrú Rua**
*Bialann, Snack Bar & Take-Away*
**Fón: (091) 75222**

*Salads i gcóir an Trá*

## P ÁDRAIC Ó SÉAGHDHA

**Ros a' Mhíl,**
**Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.**

**Ollmhargadh Spár**

*Gach deá ghuí do Fhéile an Dóilín*

# OST NA nOILEÁN

**Leitirmealláin**

**OSTÁN agus BIALANN**

Bialann (bia mara le fáil)
leaba agus bricfeasta.



**Fón: (091) 81161**

# Club Seoltóireacht Chuan Chasla




Bunaíodh an Club seo i dtús na bliana 1983. Is é an aidhm an chlub, seoltóireacht mar spóirt a chur chun cinn sa gceantar.

Socraíodh ar Chuan Chasla mar lár ionad mar go bhfuil cuan feiliúnach sábhailte ann.

Báid bheaga de dhéanamh "mirror" is mó atá sa gclub ach tá fáilte roimh gach saghas bád seoil.

Tuilleadh eolas le fáil ón Rúnaí, Pádraig de Bhaldraithe, Fuirnis, Leitir Mealláin.

Guímid gach rath ar fhéile an Dóilín i mbliana áit a mbeidh rása speisialta ag bád bheaga an chlub.

*Dónal Mac Con Iomaire,*
*Cathaoirleach.*

*Gach deá ghuí don Fhéile*

ó

**GARÁISTE GERAGHTY**
**AN CHEATHRÚ RUA**






**Togha seirbhís ar fáil**

**Seomra Spraeála** **Fón 72127**

# CUMHACHT

*Tá Bóithre Chonamara go dona le fada,*
*Ó fhágfaidh tú Gaill go dtí na hOileáin*
*Níl sé in ann ag an mada dhul siar thar an Daingean*
*Tá sé líonta le 'potholes' is casachaí lán.*





Nach maith fhéin mar a chuireann an t-amhrán síos ar an rud nach bhfuil ann a thuilleadh dár le cuid mhaith daoine i gConamara — "BÓITHRE". Bunaíodh an eagraíocht Cumhacht i Meán Fómhair 1982, agus é mar aidhm leis brú a chur ar na húdaráis bóithre a dhéanamh i gConamara Theas. Níl aon bhaint ag an eagraíocht le haon pháirtí polaitíochta. D'eagraigh Cumhacht cruinnithe poiblí ar fud Chonamara le haghaidh beirt ionadaithe a thoghadh ar an gcoiste as gach ceantar scoile. Seo cuid de na feachtais atá ar bun ag an eagraíocht ó bunaíodh iad.

1. Déanadh bailiúchán síniúcháin ó theach go teach i roinnt ceantair.
2. Tá eagar á chur ar lucht gnó a úsáideann na bóithre.
3. Socraithe déanta chun gur féidir cáin bóthair a tharraingt siar chun cur in aghaidh faillí na Ranna Stáit agus an Chomhairle Contae. An pobal fhéin a d'iarr an cuntas baince seo ag na cruinnithe poiblí.
4. Picéad a chur ar chruinnithe Chomhairle Contae na Gaillimhe cosúil le agóid an 28ú Samhain 1983 nuair a léirigh pobal mór daoine a míshástacht faoin leatrom atá á dhéanamh orthu.
5. Lucht tionsclaíochta a thabhairt le chéile chun eagraíocht tacaíochta a bhunú.

Maidir le ceist an cháin bóthair tá ath-mhachnamh dhá dhéanamh ag an eagraíocht air faoi láthair mar nach mó ná sásta atá siad leis an

úsáid atá an pobal a bhaint as go dtí seo. Ba mhaith leis an eagraíocht go mbeadh sé soiléar gur b'iad an pobal a d'iarr áis den tsaghas seo a bheith ar fáil dhóibh siúd gur mian leo luach a gcáin a íoc i n-áit éigin seachas é íoc le Comhairle Contae na




PATRÚN TIMPISTÍ/ACCIDENTS IN GALWAY: INDREABHÁN TO BARNA ● Accident Location

Mar a thaispeánann na léaráidí seo tá bóithrí Chonamara Theas breactha le "Black Spots".

*"The most obvious location for accident clustering in Galway is between Inverin and the Galway side of Spiddal. Overall, there were 37 fatal or personal injury accidents on some 6 miles of road." (ó 1976 go dtí 1981).*

— An Foras Forbartha 1982.

Gaillimhe. Mar sin fhéin ba mhaith leo a dhéanamh níos soiléra fós, nach bhfáiltíonn siad roimh dhaoine a bhíonn ag lorg ballraíocht san bhfeachtas seo dhá lá roimh lá a mbreithiúnais. Más leat a bheith dháiríre faoi bí ann ón tús.

Tá roinnt cásanna cúirte éistithe faoin bhfeachtas go dtí seo agus fíneálacha difriúla curtha ar dhaoine éagsúla. Caitheadh cás amháin amach i nGaillimh le gairid agus tá 3 chúirt seasta ag oifigeach eile den eagraíocht. Níl sé i gceist formhór na bhfíneálacha seo a íoc ach níor tugadh éinne ar saoire ó dheas fós. Cuireadh fíneáil ar bhall eile den eagraíocht i 1983 agus dhiúltaigh sé é íoc. Mhaith an tAire Dlí agus Cirt, Mícheál Ó Nuanáin an fhíneáil seo dhó níos luaichte i mbliana.

Is iomaí sin litir curtha soir agus siar ag an eagraíocht seo ó thosaigh siad agus obair mhór ar bun acu nach eol do chách ach mar sin fhéin is léir dhóibh go bhfuil dul chun cinn áirithe dhá dhéanamh ach fiú más go mall fhéin é. Is léir go bhfuil feabhas áirithe dhá chur ar bhóithre éagsúla ach tá go leor leor le déanamh fós. Tá cuid mhaith spéis dhá léiriú ag daoine ón taobh amuigh ins an gcruachás áirithe seo freisin. Nach éard a dúirt Teachta Dála ó cheantar éigin eile i litir ag an eagraíocht "Cumhacht" le deireannaí: "Nár cheap mé go raibh T.D.'s dá gcuid fhéin agaibhse?" Níor fhreagair mé an litir seo fós a léitheoir. B'fhéidir go bhfuil an freagra agatsa? Lá maith anois agat agus go dtuga Dia slán as na "poill photaí" thú!

*Cumhacht*

*Gach deá ghuí ó*

**Réalt na Maidne**

**Ceol gach deire seachtaine**

**Pub Grub**

**Guthán 75193.**

*Hearse agus socrú sochraidí*

*Gach deá ghuí do Fhéile an Dóilín*

**Gruagaire na Gleanna**



**Máire Bernadette Nic Dhonnchadha**

**An Gleann Mór,**
**An Cheathrú Rua.**

**Oscailte 5 lá**

**Máirt — Déardaoin 10.00 a.m — 7.00 i.n.**
**Dé hAoine 10.00 a.m. — 9.00 i.n.**

*MÍLE BUÍOCHAS DÁR gCUSTAIMÉIRÍ UILIG*

## *Snámh ón Dóilín*

Táthar ag súil gur é seo an snámh a mbeidh dúil ag snámhóirí oilte é a bhua 'chuile bhliain as seo amach.

I gceantar mar atá againne, timpeallaithe ag an bhfarraige agus breac le locha tá sé thar a bheith riachtanach go mbeadh snámh ag ár gcuid páistí agus go mbainfeadh siad taitneamh as na háiseanna nádúrtha atá ar láimh.

Tríd an sár obair a dhéanann an Coiste Sóisialta agus Aclaíochta tá ardú shuntasach tagtha ar an uimhir daoine atá ag snámh agus feabhas dá réir tagtha ar an gcaithdeán snámha.

Tabhair do thacaíocht dóibh, led thoil, agus go mbeidh an bua ag an snámhóir is láidre.

Duaiseanna don Chead Trí Áit , agus An t-am is tapaidh.


# Óstán an Dóilín

**An Cheathrú Rua**

Fáilte Romhat — Tar Isteach
Áit an-mhaith le Bia agus Deoch, Ceol agus Craic
Tá áit mhór againn go do bhainis
Gach eolas le fáil ach glaoch ar (091) 95169
*(Weddings, B/B, Groups, etc.)*


***Go n-éirí go maith le Féile an Dóilín***



# HEATING SUPPLIERS HS
# (SOLÁTHRAÍ TEAS)

**BÓTHAR THUAMA, GAILLIMH**

**TEAS LÁRNACH**



Mairfidh sé agus seasamh in aghaidh droch uisce nó uisce crua an Iarthair.

Stocadóir le gach ní atá
ag baint leis an teas seo —
Ola, Gual, Móin srl.
Gach eolas le fáil

Fón 55832/51612

Gach deá ghuí don Fhéile